



Ainm: _____ Rang: _____

1. Cén cúige ina bhfuil Port Láirge? Ciorclaigh!

Uladh

Connacht

Laidhean

Mumhan

1. Ciorclaigh Contae Phort Láirge sa léarscáil thíos.



2. Comhlánaigh an tábla seo a leanas ag baint úsáid as eolas ón chlár.

	An chathair is sine in Éirinn
Sléibhte Chnoc Mhaoldomhnaigh	
	Planda dúchasach an chontae
Dubh	

3. Cén t-ainm atá ar an treibh a díbríodh as an Mhí agus as Cill Dara a chur fúthu i bPort Láirge?

1. Meaitseáil ainm an chontae leis an tsuíomh atá aige ó Phort Láirge

Tiobraid Árann	An tOirthuaisceart
Loch Garman	Thoir
Cill Chainnigh	Thuaidh

1. Cé acu seo a leanas mana an chontae?

Ciorclaigh do fhreagra

An Chathair Nár Gabhadh.	Easamláir d'Éirinn	Gleann Órga na Siúire	Cuan Sábháilte do Longa
--------------------------	--------------------	-----------------------	-------------------------

1. Cé hé an ruathaire Lochlannach a bhfuil calafort Port Láirge ainmnithe ina dhiaidh?

Foghlaim **TG4**

Ceisteanna Dúshláin:

4. Cén tionscal a bhfuil cáil air sa chontae?

5. De réir an chláir, cad é mar a cuireadh síos ar an chósta?

6. Cé a thóg an chéad Trídthathach Éireannach i bPort Láirge?

Tasc Tuisceana:

An camann draíochtúil

Gasúr óg a bhí ann agus geansaí Phort Láirge air. Bhí sé de mhian aige bheith ag imirt iomána don Chontae lá éigin. Aisling a chroí ba lasair í, ag dó go ciúin ina chliabhrach, ag fanacht le héirí.

Bhí sé ina sheasamh i lár na páirce agus a chamann ina lámh leis. Rinne sé iarracht an sliotar a bhualadh idir an dá chuaille ach ní raibh ag iarraidh leis. Bhí a athair ar an taobhlíne ag scairtigh air. 'Ní bheidh tú ar fhoireann Phort Láirge má bhuailéann tú mar sin é.

Bhí strainséir ina sheasamh in aice leis agus shiúil seisean amach ar pháirc an imeartha. Bhí camann ina lámh aige féin agus d'iarr sé ar an ghasúr triail a bhaint as an chamann seo. 'Is camann draíochtúil é seo.' A dúirt sé. 'Má bhuailéann tí an sliotar leis an chamann seo rachaidh sé díreach i lár idir na cuaillí.'

Ghlan an gasúr an camann agus thug sé buille don sliotar le neart a choirp. Chuaigh sé suas, suas san aer go dtí go ndeachaigh sé trasna an bharra idir an dá chuaille. Thóg an sliotar air mar éan saor, ag scinneadh tríd an spéir le gníomh na cinniúna.

'Dár fia,' arsa an gasúr is camann draíochta é seo go cinnte.'

Faoin am seo bhí a athair féin ar an pháirc agus dúirt seisean lena mhac. 'Ná héist leis an amaidí sin a mhaicín. Níl a leithéid de rud ann agus camann draíochta.'

Leag an strainséir a lámh ar ghualainn an ghasúir. 'Ná nach bhfuil? Nach mó an seans go bhfuil gach camann draíochtúil, ach fios agat cad é mar a oibríonn an draíocht sin.'

Ba shíolta a chuid briathra, curtha go ciúin i gcroí an bhuachalla, ag fanacht le fás mar chreideamh.

1. Cad é a ba mhian leis an bhuachaill óg a dhéanamh lá éigin?

2. Cad é nach raibh an buachaill in ann a dhéanamh ag tús an scéil?

3. Cén fáth a gceapann tú go raibh an buachaill ag streachailt leis an sliotar a bhualadh idir na cuaillí?

4. Cén dóigh a n-athraíonn dearcadh an bhuachaill tar éis dó iomáint an strainséara a úsáid?

5. 'Ná héist leis an amaidí sin a mhaicín. Níl a leithéid de rud ann agus camann draíochta.'

Cad é a chiallaíonn an focal *amaidí* san abairt seo?

6. Cad é mar a dhéantar comparáid idir carachtair athair an bhuachaill agus an strainséir a chur i

Tasc Taighde

1. Cad iad na contaetha eile a bhfuil teorainn acu le Contae Phort Láirge.

2. Cad é a léiríonn dathanna an Trídhatlach?

Gramadach Sprioc Litearthachta

Sprioc:	Meafar
Brí:	Déanann sé cur síos ar rud ar bhealach nach bhfuil fíor go litriúil ag baint úsáide as na focail 'de' nó 'atá'.
Sampla 1	Is ceo de bhrón atá uirthi.
Sampla 2	Is scáth de lacha atá sa mhac.
Sampla 3	Is tine atá ina chroí.

Scríobh sampla amháin nó níos mó de do chuid féin ag baint úsáid as meafar.

1. _____
2. _____
3. _____

An féidir leat do scéal féin a scríobh ag baint úsáid as meafar? Bain triail as ceann de na roghanna seo a leanas.

Rogha 1 Lean ar aghaidh leis an scéal leis an bhuachaill ag baint úsáid as an chamán draíochta.

Rogha 2 Do scéal féin ag baint úsáid as an chamán draíochta.

Rogha 3 Mír spóirt draíochta difriúil, mar shampla buataisí peile, ialtóg dhaorchluiche, raicéad nó bróga damhsa srl.

Option 4 scéal neamh-spóirt le mír draíochta ar nós peann, scuab péint, uirlis ghairdín srl.



